**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000019/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Cristian-Silviu Buşoi**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Cur chuige AE maidir le Bainistiú Tráchta Spáis – Rannchuidiú AE chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda

An 15 Feabhra 2022, ghlac an Coimisiún agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála teachtaireacht chomhpháirteach dar teideal 'Cur chuige AE maidir le Bainistiú Tráchta Spáis – Rannchuidiú AE chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán domhanda'. Léirítear sa teachtaireacht chomhpháirteach roinnt gníomhaíochtaí atá beartaithe arb é is aidhm dóibh ar deireadh rochtain ar an spás, filleadh ón spás agus úsáid an spáis a áirithiú ar bhealach atá sábháilte, slán agus neamhspleách. Maidir leis an teachtaireacht, is i gcomhthéacs na bhforbairtí leanúnacha in earnáil an spáis agus na heaspa beart rialála atá ann faoi láthair a forbraíodh í. I bhfianaise an mhéid thuas, iarraimid ar an gCoimisiún na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cad iad na bearta rialála agus cur chun feidhme atá beartaithe ag an gCoimisiún a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúla a bhaineann le bainistiú tráchta spáis, agus gné idirnáisiúnta an spáis á cur san áireamh? An bhfuil an Coimisiún toilteanach tús áite a thabhairt do dhlí Eorpach maidir le húsáid an chianspáis agus le bainistiú tráchta spáis?

2. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir leis an mbuiséad an-teoranta atá ann le haghaidh faireachas spáis, rianú spáis agus gníomhaíochtaí eile a leithdháiltear laistigh den chomhpháirt de chlár spáis an Aontais a bhaineann le feasacht staide an spáis?

3. Cad iad na teicnící lena dtacóidh an Coimisiún chun imbhualadh uathoibrithe a sheachaint agus smionagar spáis a sheachaint, a mhaolú agus a bhaint, agus conas a thacóidh sé leo?

4. Cad iad na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta lena dtacóidh an Coimisiún agus cad iad na méideanna nithiúla cistiúcháin a dtabharfaidh sé ina leith?

5. Cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an leibhéal idirnáisiúnta? De réir an Choimisiúin, cad is gá a dhéanamh chun creat rialála idirnáisiúnta a ghlacadh?

Curtha síos: 20.5.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 21.8.2022